CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/551 ÓN gCOIMISIÚN

an 4 Aibreán 2022

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/85 maidir leis an gcoibhéis idir ceanglais Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus creat rialála Stáit Aontaithe Mheiriceá i ndáil le contrapháirtithe lárnacha atá arna n-údarú agus arna maoirsiú ag *Securities and Exchange Commission* na Stát Aontaithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála ([1]), agus go háirithe Airteagal 25(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Maidir leis na socruithe dlíthiúla agus maoirseachta de chuid na Stát Aontaithe ("SAM") le haghaidh contrapháirtithe lárnacha ("CPLanna") atá faoi maoirsiú an *Securities and Exchange Commission* na Stát Aontaithe ("SEC") agus nach mór dóibh comhlíonadh a dhéanamh ar na rialacha is infheidhme maidir le gníomhaireachtaí imréitigh cumhdaithe atá faoi réir an chreata fheabhsaithe a leagtar síos le Riail SEC 17Ad-22(e) ("CPLanna cáilithe mar ghníomhaireachtaí imréitigh cumhdaithe"), cinntear le Cinneadh Cur Chun Feidhme(AE) 2021/85 ([2]) ón gCoimisiún, go meastar bhfuil na socruithe sin coibhéiseach leis na ceanglais a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 i gcás ina gcuimsítear i rialacha agus nósanna imeachta CPLanna den sórt sin bearta sonracha bainistithe riosca lena n-áirithítear go ríomhtar agus go mbailítear éarlaisí tosaigh ar bhonn na bparaiméadar a leagtar síos in Airteagal 1 den Chinneadh Cur Chun Feidhme sin.

(2) Agus Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/85 á ghlacadh aige, áfach, ní dhearna an Coimisiún measúnú ar cé acu atá nó nach bhfuil ar CPLanna atá cáilithe mar ghníomhaireachtaí imréitigh cumhdaithe ceanglais a chomhlíonadh ar ceanglais iad atá ceangailteach ó thaobh dlí agus atá coibhéiseach leis na ceanglais a leagtar síos i dTeideal IV de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 maidir le hurrúis le taca morgáistí arna n-eisiúint nó arna ráthú ag na gníomhaireachta stát-urraithe *Federal National Mortgage Association* ("Fannie Mae"), *Federal Home Loan Mortgage Corporation* ("Freddie Mac") nó *Government National Mortgage Association* ("Ginnie Mae") a thrádáiltear ar bhonn Tá Le Fógairt ("TLFanna"). ní ann do TLFanna san Aontas. Go bunúsach is táirgí seachadta ar ball nó moillithe iad, agus faoi rialacha agus léirmhíniú an *Commodity Futures Trading Commission* agus SEC, eisiatar TLFanna ón sainmhíniú ar "bhabhtáil" agus ar "bhabhtáil urrús-bhunaithe" ([3]). Thairis sin, déantar TLFanna a thrádáil ar bhonn déthaobhach amháin, agus chomh maith leis sin, ar bhonn níos lú, ar ardáin bróicéirí idirdhéileálaithe. Maidir leis na socruithe dlíthiúla agus maoirseachta is infheidhme in SAM i ndáil le himréiteach lárnach TLFanna, chun go measfar iad a bheith coibhéiseach leis na ceanglais a leagtar síos i dTeideal IV de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, ba cheart go mbeadh toradh substainteach na socruithe dlíthiúla agus maoirseachta sin coibhéiseach i leith na gcuspóirí rialála a bhaintear amach leis na socruithe dlíthiúla agus maoirseachta sin. Dá bhrí sin, is é is aidhm don mheasúnú coibhéise a fhíorú an áirithítear leis na socruithe dlíthiúla agus maoirseachta de chuid SAM nach ndéanann na CPLanna a imréitíonn TLFanna comhaltaí imréitigh agus ionaid trádála atá bunaithe san Aontas a fhágáil ar neamhchosaint ar leibhéal riosca is airde ná an leibhéal ar a bhféadfadh CPLanna atá údaruithe san Aontas na comhaltaí imréitigh agus ionaid trádála sin a fhágáil ar neamhchosaint agus, dá bhrí sin, nach mbaineann leibhéil riosca sistéamaigh leo atá doghlactha san Aontas.

(3) Leagtar síos na rialacha príomhúla is infheidhme maidir le CPLanna atá cáilithe mar ghníomhaireachtaí imréitigh cumhdaithe i Ranna 3(a)(23) agus 17A den *Securities Exchange Act of 1934* ("an tAcht Malartán"), i dTeidil VII agus VIII den *Dodd-Frank Wall Street Reform and Consumer Protection Act of 2010* ("Acht Dodd-Frank") agus sna rialacháin arna nglacadh ag SEC fúthu sin, agus go háirithe Riail 17Ad-22 ("rialacha príomhúla"). Ní dhéanann na rialacha príomhúla sin foráil, áfach, maidir le híostréimhse leachtaithe le haghaidh éarlaisí tosaigh a ríomh agus a bhailiú. I gcás TLFanna, ríomhtar éarlaisí ar bhonn tréimhse leachtaithe trí lá. Leis an tréimhse leachtaithe trí lá sin cuirtear san áireamh leachtacht ard an mhargaidh TLF atá ar an dara margadh ioncaim sheasta is mó in SAM, agus bunaítear í ar shamhail éarlaisithe a forbraíodh chun a áirithiú go gcumhdaíonn éarlaisí neamhchosaintí féideartha a mheasann

([1]) IO L 201, 27.7.2012, lch. 1.

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/85 ón gCoimisiún an 27 Eanáir 2021 maidir leis an gcoibhéis idir ceanglais Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus creat rialála Stáit Aontaithe Mheiriceá i ndáil le contrapháirtithe lárnacha atá arna n-údarú agus arna maoirsiú ag *Securities and Exchange Commission* na Stát Aontaithe (IO L 29, 28.1.2021, lch. 27).

([3]) Clár Cónaidhme na Stát Aontaithe, Iml. 77 Uimh. 156, 13 Lúnasa 2012, Cuid II *Commodity Futures Trading Commission* 17 CFR Cuid 1, *Securities and Exchange Commission*, 17 CFR Codanna 230, 240 agus 241 Sainmhíniú Breise ar "Babhtáil," "Babhtáil Urrúsbhunaithe," agus "Comhaontú Babhtála Urrúsbhunaithe"; Babhtálacha Measctha; Security-Based Swap Agreement Recordkeeping; Riail Deiridh.

an CPL a d'fhéadfadh tarlú sula ndéantar suíomhanna comhpháirtí mainneachtana a fhálú nó a leachtú. Úsáideann an tsamhail éarlaisithe tréimhse aisamhairc lena gcuirtear san áireamh na 10 mbliana deiridh agus, i gcás inarb ábhartha, tréimhsí struis sa mhargadh is faide siar ná na 10 mbliana sin chun a áirithiú go gcuirtear san áireamh tréimhsí struis sa mhargadh i gcónaí. Na rialacha agus na nósanna imeachta maidir le héarlaisí TLFanna a ríomh, leanann siad cur chuige atá cosúil leis na rialacha a leagtar síos i dTeideal IV de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012. Bunaithe ar mheasúnú ar thoradh na rialacha agus nósanna imeachta sin agus ar a leordhóthanacht chun maolú a dhéanamh ar na rioscaí ar ina leith a d'fhéadfadh comhaltaí imréitigh agus ionaid trádála atá ar bun san Aontas a bheith ar neamhchosaint, féadfar a mheas go bhfuil na rialacha agus na nósanna imeachta sin coibhéiseach leis na ceanglais a leagtar síos i dTeideal IV de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, mar a fhormhínítear in Airteagal 26(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 153/2013 ón gCoimisiún ([4]). Leis an bhforáil sin ceanglaítear ar CPL íostréimhse leachtachta 2 lá a chur san áireamh le haghaidh conarthaí díorthacha nach mbaineann le díorthaigh thar an gcuntar, agus íostréimhse leachtaithe 5 lá le haghaidh conarthaí díorthacha thar an gcuntar, agus is ar bhonn glanluachála a bhailítear an éarlais de ghnáth.

(4) Thairis sin, ceanglaítear le hAirteagal 28(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 153/2013 go gcuireann CPL i bhfeidhm ceann amháin ar a laghad de thrí bheart a theorannaíonn chomh-thimthriallacht chun a áirithiú nach dtiteann éarlaisí tosaigh go leibhéal ró-íseal le linn tréimhsí cobhsaí eacnamaíocha agus nach dtiocfaidh méadú rite orthu le linn tréimhsí struis. Mar thoradh ar bhearta den sórt sin bíonn éarlais chobhsaí coimeádacha ann. Níl aon cheanglas sonrach den sórt sin sna rialacha príomhúla le haghaidh TLFanna. Mar sin féin, CPLanna a imréitíonn TLFanna, bíonn rialacha agus nósanna imeachta inmheánacha i bhfeidhm acu lena mbaineann éifeachtaí frith-chomh-thimthriallacha. Dá bhrí sin, soláthraíonn na rialacha agus nósanna imeachta inmheánacha ceangailteacha de chuid CPL torthaí substainteacha atá coibhéiseach le héifeachtaí rialacha an Aontais maidir le frith-chomh-thimthriallacht le haghaidh TLFanna.

(5) Dá bhrí sin, maidir leis na socruithe dlíthiúla agus maoirseachta de chuid SAM a bhaineann le TLFanna agus is infheidhme maidir le CPLanna cáilithe mar ghníomhaireachtaí imréitigh cumhdaithe, ba cheart a mheas go bhfuil siad coibhéiseach le rialacha an Aontais, ar choinníoll go ndéanann na rialacha agus nósanna imeachta inmheánacha ceangailteacha de chuid CPL a imréitíonn TLFanna agus atá ag cur isteach ar aitheantas ceanglais áirithe i ndáil le bainistiú riosca a chomhlíonadh. Go háirithe, ba cheart don CPL éarlaisí tosaigh a ríomh agus a bhailiú ar bhonn tréimhse leachtachta trí lá i leith TLFanna, ar bhonn glanluachála. Thairis sin, ba cheart don CPL bearta a chur i bhfeidhm atá ceaptha chun an chomh-thimthriallacht a theorannú agus atá coibhéiseach, ó thaobh éarlaisí cobhsaí coimeádacha a sholáthar, le haon cheann de na trí bheart a leagtar síos in Airteagal 28(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 153/2013 i leith TLFanna.

(6) Maidir leis na socruithe dlíthiúla agus maoirseachta de chuid SEC le haghaidh TLFanna agus a bhaineann le CPLanna cáilithe mar ghníomhaireachtaí imréitigh cumhdaithe agus a chuimsíonn na ceanglais a leagtar síos sna rialacha príomhúla agus sna rialacha agus nósanna imeachta inmheánacha ceangailteacha de chuid CPLanna cáilithe mar ghníomhaireachtaí imréitigh cumhdaithe, cinneann an Coimisiún go meastar iad a bheith coibhéiseach leis na ceanglais a leagtar síos i dTeideal IV de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, mar a fhormhínítear i Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 153/2013, a mhéid a chomhlíonann na socruithe sin ceanglais áirithe i ndáil le bainistiú riosca.

(7) Chun a bheith incháilithe le haghaidh aitheantas ón Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA), ba cheart do CCPanna a imréitíonn TLFanna comhlíonadh a dhéanamh ar na rialacha is infheidhme maidir le CCPanna atá cáilithe mar ghníomhaireachtaí imréitigh cumhdaithe agus ar cheanglais atá ceangailteach ó thaobh dlí lena gcomhlíontar caighdeáin áirithe bainistithe riosca. Na caighdeáin sin maidir le bainistiú riosca, ba cheart do ESMA a fhíorú, i gcomhréir le hAirteagal 25(2), pointe (b) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, gur cuid iad de rialacha agus nósanna imeachta inmheánacha aon CPL a imréitíonn TLFanna, atá á mhaoirsiú ag SEC agus a bhfuil iarratas á chur isteach aige ar aitheantas san Aontas. Go háirithe, ba cheart do ESMA a sheiceáil go gcuireann an CPL tréimhse leachtaithe trí lá i bhfeidhm i ndáil le TLFanna, ar bhonn glanluachála, agus go gcuireann an CPL bearta i bhfeidhm atá ceaptha chun an chomh-thimthriallacht a theorannú, bearta atá coibhéiseach le haon cheann de na trí bheart a leagtar síos le hAirteagal 28(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 153/2013 maidir le héarlaisí cobhsaí coimeádacha a chur ar fáil.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/85 a leasú dá réir sin.

(9) Chun a áirithiú gur féidir le ESMA tús a chur gan mhoill leis an nós imeachta maidir le haitheantas a thabhairt do CCPanna a imréitíonn TLFanna, ba cheart don Chinneadh seo teacht i bhfeidhm mar ábhar práinne.

([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 153/2013 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2012 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála ar choláistí le haghaidh contrapháirtithe lárnacha (IO L 52, 23.2.2013, lch. 41).

(10) Na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo, tá siad i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste Eorpach um Urrúis,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Airteagal 1 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/85 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

"(c) i gcás urrúis le taca morgáistí a thrádáiltear ar bhonn Tá Le Fógairt, tréimhse leachtaithe 3 lá a ríomhtar ar bhonn glanluachála;";

(2) cuirtear an pointe (d) seo a leanas isteach:

"(d) i gcás conarthaí dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c), bearta atá ceaptha chun an chomh-thimthriallacht a theorannú agus atá coibhéiseach le ceann amháin ar laghad de na nithe seo a leanas:

(i) bearta lena gcuirtear maolán éarlaise i bhfeidhm is ionann agus an méid seo a leanas ar a laghad – 25 % de na héarlaisí ríofa a cheadaíonn an contrapháirtí lárnach a bheith ídithe go sealadach le linn tréimhsí ina bhfuil méadú suntasach ag teacht ar cheanglais éarlaise ríofa;

(ii) bearta lena sanntar meáchan 25 % ar a laghad do bharúlacha a thugtar faoi strus le linn na tréimhse aisamhairc;

(iii) bearta lena n-áirithítear nach mbíonn ceanglais éarlaise níos ísle ná na ceanglais a ríomhfaí i gcás ina n-úsáidfí luaineacht a measadh thar thréimhse 10 mbliana aisamhairc stairiúil."

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 4 Aibreán 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN